
# Matamaitic

## Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha)

## Aonad Oibre Samplach 4

Snáithe: Ailgéabar

Snáithaonad: Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide



# Matamaitic

Is féidir liom patrúin agus seichimh a fhiosrú, a leathnú agus a chruthú



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Gaeilge

Is féidir liom tuiscint ar chumarsáid cainteora Gaeilge a léiriú trí ghníomh nó fhreagra cuí a thabhairt as Béarla, nó trí fhocail nó frásaí coitianta Gaeilge a úsáid agus trí threoracha gearra a leanúint. *(ag freagairt ceisteanna faoi phatrúin ar bhealach a léiríonn tuiscint)*

Is féidir liom feidhmiú mar chuid de ghrúpa agus roinnt focail/frásaí Gaeilge á n-úsáid:
*Seo dhuit/ go raibh maith agat/ do shealsa/ mo shealsa*

Cad é an chéad cheann eile?

ciorcal mór gorm

Seo dhuit!

Go raibh maith agat!

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Réamh-mhúineadh na Teanga


**<u>Is biachlár é seo. Pioc na gníomhaíochtaí a oireann do do chomhthéacs ranga féin.</u>**

- Dul Siar ar na gníomhaíochtaí a bhain le réamh-mhúineadh na ndathanna ó Aonad 1 go hAonad 3 agus an teanga a bhaineann le sórtáil, cruthanna agus uimhreacha.
- Na Cruthanna (Tá ábhar anseo chun dul siar ar chiorcal, cearnóg, is triantán agus chun an dronuilleog a mhúineadh.) (Sl.5-9)
- Gaeilge Laethúil chun méadú a dhéanamh ar cé chomh minic is a gcloiseann na páistí frásaí mar 'an chéad rud eile', 'Seo dhuit', Do shealsa/Mo shealsa. (Sl.10)
- Patrúin (Sl 11-15)
- Cóisir Áine: Pictiúr gur féidir a úsáid chun na páistí a chur ag caint faoi phatrúin (Sl.16-17)
- Buail bos gread cos- mar ullmhúchán don cheacht ar phatrúin le gluaiseachtaí coirp (Príomhghníomhaíocht 4) Sl.18

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta


Oide

# Na Cruthanna




Seo í Karen,
Is cearnóg í,
Ceithre thaobh atá
aici,
Aon, dó, trí, ceathair!

# Na Cruthanna




Seo é Tristan,
Is triantán é,
Tá trí thaobh aige,
Hip Hip huré,
Aon, Dó, Trí!

# Na Cruthanna



Seo é Ré,
Is ciorcal é,
Timpeall is timpeall,
Ní stopann sé!

# Na Cruthanna



Seo í Dee,
is dronuilleog í,
Tá ceithre thaobh aici,
yipí yipí.
aon,dó,trí, ceathair.

# Físeáin do Pháistí: Déan é- Cruth an Lae.

# Agus an teanga cloiste ag na páistí seans go mbeadh siad in ann ciall a bhaint as an ábhar sna físeáin seo anois.

Déan é - Cruth an Lae: Triantán

Déan é- Cruth an Lae: Ciorcal

Déan é- Cruth an Lae: Cearnóg

Déan é- Cruth an lae: Dronuilleog

Foghlaim TG4

# Gaeilge Laethúil chun 'an chéad rud eile' agus 'arís' a mhúineadh.

Clár Ama an Lae: **an chéad rud eile** a dhéanfaimid ná mata.
**An chéad rud eile** ná 'am lóin'. Tóg amach do lón.

'An chéad rud eile': Múnlóireacht agus an múinteoir ag caint os ord/le puipéad/le duine fásta eile faoi 'phatrúin'.

Is féidir focail cosúil le 'Seo dhuit', 'arís', 'go raibh maith agat', 'mo shealsa'/'do shealsa' a úsáid go minic i rith an lae agus na páistí a spreagadh chun iad a úsáid chomh maith.

anois >

Eolaíocht

an chéad rud eile >

Ealaín

SOS

Mata

Béarla

LÓN

Gaeilge

Tíreolaíocht


# Patrúin



Rinne mé patrún!


Rinne mé patrún le cruthanna.
Triantán buí, cearnóg gorm arís agus arís eile.

Patrún, Patrún
Buí, gorm, Buí, gorm
Patrún, Patrún
Tá áthas orm!






Ar dtús tá an buí,
Ansin tá an gorm,
Arís is arís
tá áthas orm!



# Plé Ranga: Cad iad na patrúin?



# Dúshlán breise: Cad é an chéad rud eile sa phatrún seo?



Cad é an riail sa phatrún seo?



cearnóg-aon dath, aon mhéid.

# Cóisir Áine



Tá pictiúir de Chóisir Áine ar Shleamhnán 17. Tá neart patrún le haimsiú ann. Leis an rang iomlán is féidir plé a dhéanamh ar na patrúin  atá le feiceáil.

<u>Cóisir na bPatrún</u>

Breithlá Áine a bhí ann.

An bhfeiceann sibh aon phatrúin sa phictiúr?

An bhfeiceann sibh aon chruth sa phictiúr?

Tá patrún ar na stiallbhratacha- sin na stiallbhratacha. Cén cruth iad? An-mhaith, is triantáin iad! Is triantáin na stiallbhratacha- abraigí é! Agus cén patrun atá orthu? Dearg, buí, glas. Is tá straidhpeanna orthu ag déanamh patrún freisin, an-mhaith! Leathan dorcha, caol geal arís is arís eile. Tá patrún le feiceáil ar ord na mbronntanas freisin. Cad é an patrún?

An-mhaith tá na coinnle beaga tanaí seo ag déanamh patrún.


Cé mhéad coinneal atá ann?

An bhfuil aon patrún ar an gcáca? ar na hataí?

Cad iad na cruthanna a fheiceann sibh? ciorcail, triantáin, dronuilleoga, cearnóga, is ubhchruthanna-cosúil le hubh.



Buail bos, 

gread cos, 

cas timpeall 

is glac sos 

# Príomhghníomhaíochtaí




Ar na sleamhnáin seo a leanas tá eispéirisi foghlama gur féidir a úsáid do 4 cheacht Mhata.

Moladh Samplach
Tá rogha gníomhaíochtaí chun an teanga a réamh-mhúineadh ar fáil ó Shleamhnán 5 go 18.

Príomhghníomhaíocht 1: Patrún a chóipeáil
Príomhghníomhaíocht 2: Cur le patrún
Príomhghníomhaíocht 3: Patrún a dhéanamh
Príomhghníomhaíocht 4: Patrún Gluaiseachta a chumadh agus a léiriú go físiúil.
nó: Patrúin Uimhreacha a dhéanamh

Iarghníomhaíochtaí: Smaointe iarghníomhaíochta agus
Aguisín: Forbairt má tá gá le ceachtanna níos dúshlánaí. Patrúin ag Fás/Bunuimhreacha




# 1. Príomhghníomhaíocht 1: Patrún a chóipeáil


Caint Ranga faoi phatrúin. Caithfidh an múinteoir rud éigean le patrún (scaif, slabhra, stiallbhratacha srl). Tosóidh sí ag caint faoi- 'Patrún atá ann! Ar dtús tá an x ansin tá an y arís is arís'.

Táim chun an patrún seo a chóipeáil!
An bhfuil aon phatrúin eile gur féidir linn a chóipeáil?
Crochfaidh an múinteoir patrúin éagsúla timpeall an tseomra in áiteanna éagsúla níos luaithe an mhaidin sin, beidh siad le tabhairt faoi deara ag na páistí.

(Obair Bheirte: Páistí ag obair i mbeirteanna agus iad ag cóipeáil patrúin leagtha amach ag an múinteoir).
Mo shealsa/ Do shealsa a chleachtadh.

Nóta faoi chastacht na bpatrún* (Ag brath ar chumas/thaithí na bpáistí is féidir patrúin éagsúla a thabhairt le cóipeáil)





# Cóipeáil an patrún!




Déanfaidh an múinteoir múnlóireacht ar conas patrún a chóipeáil agus é/í ag labhairt os ard!

# 2. Príomhghníomhaíocht 1: Cuir le Patrún

Beidh patrún leagtha amach ar bhord an mhúinteora agus na páistí amuigh. Ansin nuair a thagann siad isteach déarfaidh an múinteoir "Cad é seo ar an gcófra? Patrún! Cé a thosaigh an patrún seo? Is féidir liom cur leis. Cad é an chéad rud eile? Táim chun cur leis an patrún seo."

"An chéad rud eile ná ... béirín beag dearg? A Sheáin, ar mhaith leatsa cur leis? "
Cuirfidh an múinteoir le níos mó patrúin ar an gclár bán.

Ansin imreoidh na páistí cluiche cosúil
Cluiche: Cuir an Patrún ar aghaidh agus Cuir Leis. Déan an cur chuige seo a léiriú le grúpa amháin ag an tús agus ansin lig do gach éinne é a chleachtadh. Suífidh na páistí i gciorcal de chúigear. Beidh slabhra le coirníní acu. Beidh patrún tosaithe orthu cheana. Tógfaidh an chéad páiste an slabhra, cuirfidh sé/sí an chéad choirnín eile air, ansin déarfaidh siad 'Seo dhuit' agus tabharfaidh siad é don duine in aice leo a déarfaidh 'go raibh maith agat', ansin cuirfidh an chéad pháiste eile leis an bpatrún, tabharfaidh siad é don chéad duine eile ag rá 'Seo dhuit' arís. Leanfaidh siad ar aghaidh go dtí go stopann an ceol. Ansin seiceálfaidh an múinteoir an patrún.

Seo dhuit/ Go raibh maith agat/ Do shealsa atá ann.





Do shealsa/ Is é do shealsa é/ Leatsa imirt/is leatsa anois

Seo dhuit!



Mo shealsa!

Liomsa anois!

Go raibh maith agat!

# 3. Príomhghníomhaíocht 3: Patrún a dhéanamh

- 4 bhord le hábhair éagsúla
- Páistí ag rothlú gach 5 nóiméad agus ag déanamh a bpatrúin féin leis na hábhair atá ag an mbord sin.
- Ansin ag caint leis a p(h)áirtí faoi.
- Múinteoir ag tógáil pictiúir de na patrúin gur féidir iad a chrochadh agus a bheith ag caint fúthu arís.
- Ansin comhrá beirte: A: Cad a rinne tú? B: Rinne mé patrún. Buí, glas, corcra, buí, glas corcra, arís is arís.

Siúlfaidh an múinteoir timpeall agus labhróidh gach duine leis/léi faoina bpatrúin.

D'fhéadfadh na páistí patrúin a dhéanamh le fíor ábhair: mar shampla-clocha, cleití, bréagáin, stáiseanóireacht.
D'fhéadfadh na páistí patrúin a chruthú le healaín.

Rogha an pháiste: Is féidir le páistí ábhair éagsúla a roghnú chun a bpatrúin a dhéanamh. B'fhéidir go dtaitneodh sé le páiste patrúin a dhéanamh le carranna, ainmhithe feirme, ciúbanna, béireanna, cruthanna, soip srl. Lig do na páistí a bheith cruthaitheach agus a rogha ábhar a phiocadh.
Tóg pictiúir de na páistí ag déanamh a bpatrúin- ansin is féidir caint lena chéile faoin na patrúin a rinne siad.
D'fhéadfadh an múinteoir scríobh faoina bpatrúin agus iad a chrochadh ar an mballa.




# 4. Príomhghníomhaíocht 4: Patrún a dhéanamh (Gluaiseachtaí)

Is féidir leis an múinteoir féachaint ar an bhfíseán samplach Béarla ar dtús. Úsáidfimid an cur chuige céanna anseo ach déanfaimid trí Ghaeilge é.

Rachaidh an múinteoir siar ar an méid atá ar eolas ag na páistí faoi phatrúin, ag ceistiú, ag aithris an dán agus ag déanamh patrúin ar an gclár bán idirghníomhach.

Ansin cuirfidh sé/sí tús le hábhar an cheachta inniu, patrúin a dhéanamh le gluaiseachtaí coirp. Déanfaidh sé/sí an patrún, *Buail bos, Buail bos, Gread cos, Gread cos* agus cóipeálfaidh na páistí é/í.
Ansin úsáidfidh sé/sí dathanna ar an gclár bán chun an patrún seo a léiriú go fisiúil. Mar shampla "úsáidfidh mé gorm don 'bualadh bos', buí don 'ghread cos' is glas don 'rólaí pólaí' is araile. Leanfaidh sé/sí leis an bpatrún agus cabhróidh an rang leis/léi cur leis. B'fhéidir go ndéanfaidh sé/sí botúin de haon ghnó chun na páistí a chur ag caint as Gaeilge.
Cad é an chéad cheann eile? Cén dath a d'úsáid mé don rólaí polai?

Ansin míneoidh an múinteoir do na páistí go ndéanfaidh siad a bpatrúin gluaiseachta féinig agus go ndéanfaidh siad léiriú fisiúil chomh maith. Ag na boird tá licíní (taispeáin licíní), ciúbanna (taispeáin iad) agus xxx (taispeáin cibé abhair eile atá ann). Tá sibhse chun patrún gluaiseachta a dhéanamh. B'fhéidir go ndéanfaidh tú 'buail bos, gread cos'. Nó b'fhéidir go ndéanfaidh tú 'cas timpeall, léim, cas timpeall, léim'. Nó cad eile gur féidir libh a dhéanamh? Ar aghaidh libh!





Buail Bos, Buail bos, Gread cos, Gread cos, Buail bos, gread cos, cas timpeall is glac sos

Cén dáth a d'úsáid mé do 'buail bos'?

Oide

# Primary Mathematics Curriculum 2023

Buail bos, 

gread cos, 

cas timpeall, 

is glac sos. 


Treoir: scríobh patrún. abair le do pháirtí cad dó a sheasann gach dath.

dearg=cliceáil, buí=buail bos, gorm gread cos srl.










# Príomhghníomhaíocht 4 (Rogha 2)
## Patrún a dhéanamh le hUimhreacha

1. Téigí siar ar phatrúin leis an bhfíseán ceangailte.
2. Bí ag súgradh le patrúin le huimhreacha, mar atá léirithe ag deireadh an fhíseáin.
3. Úsáid an bhileog oibre mar thúsphointe.
4. Ansin iarr ar na páistí a bpatrúin uimhreacha féin a dhéanamh le marcóir ar pháipéar.







TG4 Foghlaim | Bunleibhéal | Matamaitic | Patrúin a fhorleathnú | Cúla4 Ar Scoil | | YT

Ainm: ______________________________

# Patrúin le hUimhreacha


Rianaigh na huimhreacha.
Cad a théann sa bhosca?

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 | ☐ |
| 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | ☐ |
| 2 | 3 | 4 | 2 | 3 | 4 | ☐ |
| 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | ☐ |
| 5 | 4 | ☐ | 2 | 1 | 0 | |

# Iarghníomhaíocht

- Téigh siar ar na dánta/rannta ábhartha.
- Tá áiseanna/bileoga ar fáil saor in aisce as Gaeilge ar shuíomh Foras na Gaeilge: [Mata Le Chéile ]agus [Mata Beo].
- Spreag na páistí chun an teanga 'seo dhuit'-'go raibh maith agat', 'arís', 'an chéad rud/uair eile', 'do shealsa' a úsáid ag amanna eile i rith an lae.
- Bí ag faire amach do phatrúin eile timpeall na scoile (Súile Mata- Féach samplaí ar Shleamhnán 45)
- Tá smaointe breise ar shuíomh PMC Oide, mar shampla: [Muincí a Dhéanamh]/ [Making Necklaces]
- Má tá torthaí/glasrai sna hardranganna an mbeadh siad in ann iad a leagan amach mar phatrúin do na páistí sna Naíonáin agus botún amháin a dhéanamh d'aon ghnó- agus caithfidh na naíonáin an botún a aimsiú?
- Ealaín: is féidir patrúin a fhiosrú san ealaín freisin, mar shampla le criáin is uiscedhathanna. Féach sampla ar dheis.

Is féidir leabhar faoi Patrún, mar shampla 'Is Maith Linn Patrúin' a léamh leis an rang.




# Forbairt



- D'fhéadfá patrún ag fás a nascadh leis an scéal Dónal an Chlúimh https://www.youtube.com/watch?v=fyxWCsy3U9o
- Forbairt: Sa chás go bhfuil páistí réidh do dúshlán breise is féidir díriú níos mó ar phatrún ag fás. Chun é seo a dhéanamh beidh na bunuimhreacha ag teastáil. Tá Aguisín ag deireadh an aonaid le smaointe do seo.

# Samplaí de Phatrúin: Cá bhfuil do rangsa?

Seo a leanas samplaí de phatrúin agus iad ag eirí níos casta. Is fiú smaoineamh ar chumas na bpáistí agus an cineál patrún a chuirfidh dúshlán cuí os a gcomhair:

ABABABAB
ABCABCABC
ABCDABCADABCD
ABBABBABB
AABBAABBAABB
ABCCABCCABCC
ABABBABBBA...
eile
Uimhreacha

# Acmhainní breise








































Ainm:

# Patrúin


Cad é an chéad rud eile sa phatrún? Tarraing é sa bhosca





# Foclóir a chleachtadh le patrúin

# Nasc le téama sna ceachtanna Gaeilge:

An bhfuil téama ar leith á mhúineadh agat sa Ghaeilge an mhí seo? peann, scriosán, peann, scriosán/ stoca, gúna, stoca, gúna srl.
An féidir é a nascadh leis na patrúin. Féach ar na samplaí thíos.






[Conas Canva a úsáid chun bileoga Gaeilge a chruthú go héasca.]

# Acmhainn Digiteach: toytheater.com










Cad é an patrún?
maths eyes
ITT
Institiúid Teicneolaíochta Tamhlacht
Institute of Technology Tallaght
Maths Week Ireland


Cad é an chéad dath eile?
Have you got maths eyes ?

maths eyes

# Ealaín




## Ealaín/Eolaíocht:

Uiscedhath
Criáin/Pastail ola

- Úsáid criáin chun patrúin a dhéanamh .
- Ansin is féidir leo na línte a phéinteáil le huiscedhath (is féidir patrún a dhéanamh leis an bpéint chomh maith).
- Ní mheascann ola agus uisce agus mar sin beidh na criáin fós le feiceáil.

# Aguisín 1
# Na Bunuimhreacha agus Patrúin ag Fás

## An Chéad Chéim Eile



Cé mhéad triantán atá ann san iomlán?
Cé mhéad dronuilleog atá ann san iomlán?
An bhfuil níos mó dronuilleog nó triantán sa phatrún?
Cé mhéad níos mó?
Taispeáin dom le do mhéara.

Cad é an chéad rud eile sa phatrún?

Ceann amháin, dhá cheann, trí chinn, ceithre chinn, cúig chinn.

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers



Oide

# Rainn Comhairimh chun na bunuimhreacha a mhúineadh







## CÚIG UBH

5 ubh istigh sa nead,

Cearc ar gor: glug, glug, glag-

Scoilt bhlaosc, scoilt sí arís, ( nó Bhris an bhlaosc/ Bhris sí arís)


Tháinig sicín amach: tsíp, tsíp!

https://caera.bandcamp.com/track/c-ig-ubh-five-eggs

# Patrún ag fás

## Seo patrún speisialta! Cad atá ag tarlú?


Cé mhéad sicín atá ann san iomlán? Taispeáin dom le do mhéara.
Cé mhéad ubh atá ann san iomlán?
An bhfuil níos mó ubh nó sicín sa phatrún?
Cad é an chéad rud eile sa phatrún?



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


# Patrún ag fás
## Seo patrún speisialta! Cad atá ag tarlú??



Cé mhéad sicín atá ann san iomlán?
Cé mhéad ubh atá ann san iomlán?
An bhfuil níos mó ubh nó sicín sa phatrún?
Cad é an chéad rud eile sa phatrún?
Cé mhéad ubh a bheidh ann?

Is féidir féachaint ar phatrúin ag fás le béireanna, ciúbanna srl. Dírigh ar chomhaireamh. Cé mhéad?

# Patrún ag fás
## Seo patrún speisialta! Cad atá ag tarlú??



Cé mhéad sicín atá ann san iomlán?
Cé mhéad ubh atá ann san iomlán?
An bhfuil níos mó ubh nó sicín sa phatrún?
Cad é an chéad rud eile sa phatrún?

**Dán eile roghnach**

*Is breá leis na páistí an t-amhrán "Cúig rón thuas ar an gcloch"(Amhráin do Pháistí).*

*Seasann siad ar chathaoir, an cúigear acu agus is féidir leo léim anuas nuair a thagann an uimhir suas. Faoin am a thagann deireadh na bliana nó an dara bliain, is féidir leo an cheist 'An mó rón atá fágtha?' a fhreagairt.*

Gaeloideachas



CEITHRE RÓN

5 rón thuas ar an gcloch,
thuas ar an gcloch,
thuas ar an gcloch,
5 rón thuas ar an gcloch –
Léim ceann amháin isteach sa loch!

4 rón... 3 rón.....2 rón.....rón amháin....

